# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/1284 ÓN gCOMHAIRLE

**an 21 Iúil 2022**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/339 [1], lenar bunaíodh beart cúnaimh ag a bhfuil méid tagartha airgeadais EUR 50 000 000 atá beartaithe chun an maoiniú a chumhdach lena soláthrófar trealamh agus soláthairtí nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a sheachadadh, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(2) An 23 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/472 [2] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 100 000 000.

(3) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/637 [3] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 150 000 000.

(4) An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/810 [4] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 160 000 000.

(5) I bhfianaise an fhogha armtha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, ba cheart EUR 10 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais a bhí beartaithe chun an maoiniú a chumhdach lena soláthrófar trealamh agus soláthairtí nach bhfuil deartha chun fórsa marfach a thabhairt, amhail trealamh cosanta pearsanta, fearais gharchabhrach agus breosla, d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/339 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 mar a leanas:

---

(1) Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata sonrach a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 61, 28.2.2022, lch. 1).

(2) Cinneadh (CBES) 2022/472 ón gComhairle an 23 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 96, 24.3.2022, lch. 45).

(3) Cinneadh (CBES) 2022/637 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 117, 19.4.2022. lch. 36).

(4) Cinneadh (CBES) 2022/810 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/339 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 145, 24.5.2022, lch. 42).

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Mairfidh an Beart Cúnaimh 70 mí ó ghlacadh an Chinnidh seo.";

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. EUR 170 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.";

(3) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar thograí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 170 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 i mbuiséad leasaitheach 2022 agus sna buiséid do na blianta ina dhiaidh sin a chomhfhreagraíonn don Bheart Cúnaimh.";

(4) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme cáilithe amhail ón 1 Eanáir 2022 agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle. Is é EUR 50 000 000 a bheidh san uaschaiteachas incháilithe arna thabhú roimh an 11 Márta 2022. Beidh méid EUR 10 000 000 incháilithe ón 21 Iúil 2022.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 21 Iúil 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK